

Tacaíocht Teanga i Scoileanna Gaeltachta

Tuairimí agus Féidearthachtaí

Meán Fómhair 2009

Tomás Ó Muircheartaigh

Urraithe, le flaithiúlacht, ag an gComhairle um Oideachas

Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (C.O.G.G.)

Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.

-Airteagal 8, Bunreacht na hÉireann.

Is é mo thuairimse nach féidir an Ghaeilge arb í an teanga náisiúnta í agus, san am céanna arb í príomhtheanga oifigiúil an Stáit í, a eisiamh (ar a laghad in éagmás dlí den chinéal a shamhlaítar le hAirteagal 8.3) ó aon chuid de dhioscúrsa poiblí an náisiúin nó ó aon ghnó oifigiúil de chuid an Stáit nó de chuid aon cheann dá bhaill. Ná ní féidir caitheamh léi sna comhthéacsanna seo ar shláí ar bith nach bhfuil chomh fabhrach leis an tszlí a gcaitear leis an dara teanga oifigiúil.

-Hardiman Brmh, Ó Beoláin v Fahy agus Eile [2001].

*These additional resources will ensure that children who require extra tuition in English will have the language skills that will enable them to participate fully in all aspects of school activities at the same level as their Irish peers.*

-An tAire Oideachais, Mary Hanafin. 21 February, 2007.

*The primary responsibility of the language support teacher is to support the pupil's development of English language proficiency so that he or she can gradually gain access to the curriculum, ultimately achieving the same educational opportunities as English speaking peers.*

-IILT Handbook 2003.

# Clár Ábhar

1. Liosta Táblaí
2. Réamhrá
3. Nósanna Imeachta an tSuirbhé
4. An Córas Tacaíochta Teanga Anois
5. Cúntóirí Teanga
6. Torthaí an Taighde
7. Conclúid
8. Liosta Foinsí
9. Aguisín 1: Ceistneoirí
10. Aguisín 2: Ceisteanna Agallaimh
11. Aguisín 3: Ciorclán 0015/2009

## Liosta na dTáblaí

Tábla 1: An céadán i ngach rang gan líofacht sa Ghaeilge nó gan chaighdéan ard sa Ghaeilge.

Tábla 2a: An céadán sa rang a chuirfí chuig oide tacaíochta teanga dá mbeadh a leithéid ar fáil.

Tábla 2b: An céadán sa scoil ionlán a bhainfeadh tairbhe as tacaíocht teanga.

Tábla 3: An bhfuil gach páiste i do rang in ann an curaclam a rochtain trí Ghaeilge?

Tábla 4: Conas atá caighdéan na Gaeilge ag na páistí a thagann, le roinnt blianta anuas, ó theaghlaigh le Gaeilge?

Tábla 5: An mbíonn tionchar ag daltaí gan Ghaeilge ar úsáid na Gaeilge mar mhéan teagaisc sna ranganna?

Tábla 6: An mbíonn ar an múinteoir am faoi leith a chaitheamh ag múineadh ábhair do pháistí gan chaighdéan sásúil sa Ghaeilge?

Tábla 7: An mbíonn ar oidí Gaeltachta níos mó oibre a dhéanamh chun na hábhair a mhúineadh ar chaighdéan ard, toisc easpa acmhainní múinteoireachta i nGaeilge?

Tábla 8: An mbíonn tuairimí dearfacha i measc na dtuistí ó thaobh na Gaeilge de?

Tábla 9: An gceapann tú go bhfuil gá le córas nua tacaíochta teanga chun soláthar ar na riachtanais theanga a bhíonn ag scoileanna Gaeltachta?

Tábla 10: An gceapann tú an bhfuil aon ról ann d'oide a thabharfadhl ceachtanna i saibhreas teanga do na páistí, fiú na páistí a bhfuil Gaeilge líofa acu, chun a gcumas agus foclóir a fheabhsú?

Tábla 11: An mbeadh do scoilse toilteanach glacadh le múinteoir sa bhréis (roinnte) chun tacaíocht teanga a sholáthar i nGaeilge?

Tábla 12 : An oibríonn an cúnntóir teanga sa rang nó i seomra eile?

Tábla 13: An oibríonn an cúnntóir teanga le grúpaí nó le páistí aonair?

Tábla 14: Cad iad na hábhair a thagann faoi chúram an mhúinteoir tacaíochta foghlama?

Tábla 15: An mbíonn cúrsaí tacaíochta foghlama comhtháite sa ghnáthrang nó an dtéann na páistí amach go spás eile?

Tábla 16: Cén sórt córas tacaíochta teanga a roghnófá dá mbeadh ceann le cur i bhfeidhm i do scoilse?

Tábla 17: An mbeadh suim agat i gcúrsaí traenála chun cáilíocht a fháil a chabhródh leat an Ghaeilge a mhúineadh mar an dara teanga?

# Réamhrá

Níos mó ná bliain ó shin, foilsíodh cinnlínite i bhFoinse, atá imitheanois, ag fógaire go raibh an Ghaeltacht ar imeall na huaighe. Deineadh tairngreacht, bunaithe ar thaghde, ag rá nach bhfuil ach fiche bliain fágtha ag na Gaeltachtaí is láidre muna dtarlaíonn gníomhachtaí dearfacha, láidre, faoi threoir, chun an Ghaeilge a chaomhnú agus chun an chéad ghlúin eile a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt. D'fhás díospóireacht as na cinnlínite seo maidir le todhchaí na nGaeltachtaí agus na hiarrachtaí a bhíonn ar siúl i gcónaí chun an chéad teanga oifigiúil a chothú. Tá an díospóireacht chéanna ar siúl ó bunaíodh an Stát nach mór nócha bliain ó shin agus níl an rás rite fós!

Taobh le taobh leis na hathruithe teanga atá ag tarlú sna Gaeltachtaí, a d'aithin an Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar chaith Foinse solas orthu, tá an tís seo ag athrú. Cé go bhfuil an Tíogar Ceilteach anois san uaigh, tá torthaí na mblianta fada fáis eacnamaíochta a tharla anseo fós le feiceáil, sna foirgnimh arda úra gléineacha, na bóithre fada fairsinge agus, níos ábhartha don taighde seo, na cultúir ilghnéitheacha nua mórrhimpeall. Freisin, tá an ré nua seo le cloisteáil gach lá inár mbailte agus inár gcathracha - teangacha éagsúla á labhairt inár meascanois. D'athraigh Éire ó thír leath-dhátheangach go thír fíor-iltheangach in aon chéim amháin.

Inseoidh aon mhúinteoir duit go mbíonn na scoileanna mar scáthán ar an tsochaí agus ní raibh an ráiteas sin riabhachomh fíor agus a bhí sé le deich mbliana anuas. Mar sin, nuair a thosnaigh an chéad lucht iarrtha tearmainn ag sroicheadh na hÉireann ag deireadh na nójaidí, bhí na scoileanna ar cheann de na háiteanna inar motháiodh an tionchar i dtosach. Roimhe seo, b'eachtra fíor-annamh é páiste gan Béarla a bheith sa rang. Leis na hathruithe a bhí ag tarlú, aithníodh an riachtanas a bhí ann córas nua a fhorbairt le déileáil leis na páistí seo nach raibh Béarla acu. Déanfar tagairt do na forbairtí a tharla mar fhreagra níos déanaí sa tuarascáil. Is leor le rá anois gur aithin oideachasóirí na fadhbanna a bhí ann do mhúinteoirí agus do dhaltaí nuair

nach raibh an teanga mhúin teo ireachta ag na daltaí agus aithníodh freisin an riachtanas a bhí ann na fadhbanna seo a scrúdú agus a réiteach.

Chun cothrom na féinne a thabhairt don Roinn Oideachais, ó bhunú an Aonad um Thacaíocht Teanga do Dhídeanaithe i 1999 ar aghaidh go dtí an Cháináisnéis a tharla i nDeireadh Fómhair 2008 agus an ciorclán nua i Mártá 2009, bhí taifead maith acu ag soláthar tacaíochta do scoileanna chun déileáil leis an bhfás do-chreidte a tharla i líon na bpáistí gan Bhéarla maith acu a bhí ag freastal ar scoileanna Béarla. Fiú leis na hathruithe a thiocfaidh i bhfeidhm ón Meán Fómhair seo, 2009, tá an leithdháileadh atá ann do scoileanna, le huimhreacha ísle nó ag an meán de pháistí le Béarla lag, cuibheasach maith, ach sin scéal eile. As an dea-obair a tharla i scoileanna na Galltachta go dtí seo a thagann bunús an taighde seo.

I gcomhthéacs na tacaíochta dearfaí seo atá le fáil sna scoileanna Galltachta, d'éisigh ceist ábhartha thábhachtach eile. Nár cheart tacaíocht de shaghas éigean a bheith á soláthar do scoileanna Gaeltachta? Má ghlactar leis go bhfuil an Ghaeilge mar theanga theagaisc agus chumarsáide sna scoileanna seo, cén fáth nach gcuirfí córas comhchosúil i bhfeidhm iontu? Sa chéad áit, tuigtear, ó fháisnéis an taighde is déanaí, go bhfuil limistéir Ghaeltachta áirithe, agus na scoileanna iontu, anois mar Ghalltachtaí ar mhórán bealaí. Ach ar an lámh eile de, tá limistéir eile atá fós láidir ó thaobh na Gaeilge de nó atá ar tí iompú teanga, áiteanna a dhlíonn an tacaíocht is láidre is féidir a fháil. Tá tobar na teanga ag triomú agus todhchaí neamhchinnte roimh inmharthanacht na Gaeltachta. Conas is féidir linn feabhas a chur ar an gcóras oideachais, mar chuid lárnach den chomhphobal Ghaeltachta, chun é seo a athrú agus chun todhchaí níos gile a chinntíú dóibh agus don chéad teanga oifigiúil?

Sa taighde seo, táim ag iarraidh tuairimí a fháil ó roinnt de na geallshealbhóirí ar a luíonn ceist thacaíocht na teanga go príomha: na príomhoidí agus múinteoirí a mhúineann sna scoileanna Gaeltachta! Gan a smaointe-sean ar an ábhar, ní féidir dul chun cinn ceart a dhéanamh. Cruthaíodh córas chun tacú leis an mBéarla i dtréimhse ghearr agus anois tá sé i bhfeidhm trasna na tíre ag tacú le, ag feabhsú, ag déanamh dul chun cinn agus ag fostú na gcéadta müinteoir. Más é toradh an taighde seo ná go bhfuil éileamh agus mian sna scoileanna Gaeltachta chun córas tacaíochta teanga comhchosúil a chur i bhfeidhm iontu, ar chomhchéim leis na scoileanna Galltachta, ní féidir leis an Roinn Oideachas cothrom na féinne a dhiultú do scoileanna Gaeltachta. An féidir?



# **Nósanna Imeachta an tSuirbhé**

Anseo déantar cur síos ar na nósanna imeachta a úsáideadh sa taighde seo chun an t-eolas a bhain leis an suirbhé a bhailiú. Ar dtús, bhí orm na scoileanna, ar theastaigh uaim go nglacfaidís páirt sa taighde, a roghnú. Chun é seo á dhéanamh, thosaigh mé leis an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* le Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghda, Ó Briain agus Ó Giollagáin a foilsíodh sa bhliain 2007. Déanann an tuairisc seo cur síos leathan ar an nGaeilge sa Ghaeltacht mar atá sí anois. Ó thaobh mo thaighdese de, déanann na húdair idirdhealú idir na Gaeltachtaí sa lá inniu. Roinntear iad i dtrí chatagóir - na cinn is láidre, le >67% ina gcainteoirí laethúla i gcatagóir A, roinnt eile i gcatagóir B nuair atá idir 44% agus 66% ina gcainteoirí laethúla agus na cinn is laige i gcatagóir C.

Shocraigh mé síriú isteach ar na Gaeltachtaí a thagann faoi chatagóir A agus B agus roinnt scoileanna iontu. Ba í Scoil an Ghleanna in Iarthar Dhuibhneach an t-aon eisceacht. Cé go bhfuil an scoil seo suite i limistéar i gcatagóir C, tá sí thiar ón Daingean agus is cuid nádúrtha den fhíorghaeltacht í. Rinne mé an t-idirdhéalú sin idir Gaeltachtaí i gcatagóirí A agus B agus iadsan i gcatagóir C mar, má ta seans ar bith ann an tacaíocht cheart a fháil ón Rinn Oideachais ó thaobh tacaíochta teanga de, is éigean dúinn síriú ar na ceantair ina bhfuil pobail theanga réasúnta mór. Freisin, thuig mé go mbeadh sé saghas áiféiseach ceistneoirí faoi líon na ndaltaí gan Ghaeilge a chur amach go scoileanna in iarrGhaeltachtaí atá lán go doras le cainteoirí Béarla.

Chun an t-eolas a bhí uaim a bhailiú, dhear mé ceistneoirí a chlúdaigh raon leathan ábhar a bhaineann le húsáid na Gaeilge sa rang agus le tacaíocht teanga freisin. Tá dhá príomhcheistneoir ann, ceann atá ag lorg fianaise ghinearálta faoin scoil agus an dara ceann a bhaineann leis an nGaeilge agus a háit sa rang. Tá fo-roinnt déanta sa chéad cheistneoir freisin faoi na fo-cheannteidil seo: ‘Eolas Ginearálta’, ‘Tacaíocht Foghlama’, ‘Cúinteoirí Teanga’ agus ‘Córas Nua’. Bhí an chéad cheistneoir dírithe ar phríomhoidí agus an dara ceann ar na hoidí a mhúineann sna ranganna. Iarradh eolas faoi thacaíocht foghlama mar, sna scoileanna Galltachta is é an nós is coitianta ná go bhfeidhmíonn an t-oide tacaíochta teanga i gcóras atá an-chosúil leis an gcóras a leanann an t-oide tacaíochta foghlama. Maidir leis na

cúinteoirí teanga, bhí mé ag bailiú eolais agus tuairimí faoin scéim seo a thugann tacaíocht teanga atá luachmhar, ach an-teoranta, do phaistí sna scoileanna Gaeltachta. Thug mé cuairteanna ar na scoileanna i gCorca Dhuibhne roimh dháileadh na gceistneoirí chun mé fhéin a chur in aithne dóibh mar bhí a fhios agam go mbeinn ag déanamh na n-agallamh ann. Mar thoradh ar an gcinneadh seo, bhí ráta ard freagraí ó na scoileanna ann. Ag deireadh, fuair mé 30 freagra ar an gceistneoir ‘An Ghaeilge sa Rang’ agus 12 ceann ar na ceistneoirí a líon na príomhoidí a bhain leis an scoil go ginearálta. Tá na ceistneoirí ionlán le feiceáil san aguisín a leanann.

Chomh maith leis seo, shocraigh mé go ndéanfainn roinnt agallamh le hoidí ó roinnt de na scoileanna a bhí faoi staidéar. Mar atá thuasluaite, shocraigh mé na hagallaimh á dhéanamh in Iarthar Dhuibhneach. Aithním go mbeadh sé níos fearr agallaimh á dhéanamh trasna na nGaeltachtaí ach, de bharr easpa ama agus airgead teoranta, bhí orm Gaeltacht amháin a roghnú le síriú uirthi. Tá réamhaithne agam ar an nGaeltacht seo agus mar sin, chuaigh mé ann agus rinne mé agallaimh le seachtar oidí/príomhoidí. Bhí na hagallaimh bunaithe go ginearálta ar cheisteanna atá le feiceáil san aguisín ach lean na comhráite bealaí nadúrtha níos mó ná aon rud eile. Bhí mé in ann tuairimí níos leithne agus níos doimhne a fháil ó na hagallaimh seo.

# **An Córás Tacaíochta**

## **Teanga Anois**

Amanna, tagann athruithe go tapa i ngan fhios dúinn. Níl ach timpeall dhá bhliain imithe tharainn ó d'fhogair an tAire Oideachais Mary Hanafin go mbeadh ardú mór ag teacht i líon na múinteoirí tacaíochta teanga. Ar an 21 Feabhra 2007, dúirt an tAire Hanafin go mbeadh 550 múinteoir tacaíochta teanga sa bhereis le fáil roimh 2009 agus go mbeadh sceideal nua i bhfeidhm maidir le huimhreacha na n-oidí a bheadh scoil in ann a fhostú. Leis na méaduithe seo, bheadh gar do 2000 muinteoir tacaíochta teanga le fáil sna bunscoileanna! Bhí ré nua i soláthar tacaíochta teanga do dhaltaí gan Bhéarla líofa ag tosnú. Ach mar is eol do chách, ní mar a shíltéar a bhítear agus tá gearraithe siar ar siúlanois ar líon na múinteoirí teanga agus ar an gcóimheas daltaí le múinteoir tacaíochta teanga atá i bhfeidhm.

### **Leithdháileadh acmhainní**

Tháinig ciorclán 0015/2009 amach i Márta 2009 agus leagann sé amach na critéir nua atá i bhfeidhm sna scoileanna chun oidí tacaíochta teanga a fhostú.

Thíosluaité tá an cóimheas nua:

Méid postanna	Méid daltaí le riachtanais tacaíochta teanga
1 post	14 go 30 dalta
2 phost	31 go 90 dalta

Sna scoileanna ina bhfuil níos lú ná ceithre dhalta dhéag, tá deontas le fáil chun oide páirt-aimseartha a fhostú. Sna scoileanna móra, ina bhfuil níos mó ná 90 dalta a bhfuil riachtanais tacaíochta teanga acu, tá córas ann chun suas le ceathrar múinteoirí a fháil.

Méid Postanna	Méid daltaí le riachtanais tacaíochta teanga
3 phost	91 go 120 dalta
4 phost	121 agus níos mó

Ó thaobh a lán scoileanna beaga Gaeltachta de, bheadh sé i gceist na huaireanta páirtaimseartha a usáid nó oide roinnte a fhostú (dá mbeadh sin ceadaithe). Tá sé suimiúil feiceáil sa chiorclán nua seo, 0015/2009, go ndéantar tagairt den chéad uair do scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge. Anois is féidir leo uaireanta a fháil chun tacaíocht teanga a fháil trí Ghaeilge do dhaltaí nach bhfuil Béarla ná Gaeilge acu mar a gcéad theanga. **Ach** ag an am céanna, tá an ciorclán soileir nach gcuirfear tacaíocht teanga ar fáil do pháistí le Béarla mar chéad theanga acu fiú i scoileanna Gaeltachta ná i nGaeleanná.

*There is an option of additional language support through Irish for pupils in schools that provide instruction through the medium of Irish provided those pupils' first language is neither English nor Irish. This option is only available for pupils who otherwise qualify under the terms of this circular and will not be provided for pupils whose first language is English.*

### **Ról an oide tacaíochta teanga**

*The primary responsibility of the language support teacher is to support the pupil's development of English language proficiency so that he or she can gradually gain access to the curriculum, ultimately achieving the same educational opportunities as English speaking peers.*

IILT Handbook 2003.

*The sole purpose of language support is to help a child to gain access to mainstream learning and to socialize within the community of the school*

IILT Handbook 2003.

Is é an príomhról atá ag an oide tacaíochta teanga i scoileanna ná comhoibriú agus cabhrú leis an oide ranga. De réir na Roinne Oideachais, fanann an príomhchúram ó taobh an dalta de, maidir le riachtanais Bhéarla, leis an oide ranga. Is é an príomhaidhm ná go bhforbródh an t-oide tacaíochta teanga cumas Béarla an

pháiste chun go mbeadh an dalta in ann an curaclam a rochtain ar chomhchéim leis na páistí eile agus mar sin go bhfaigheadh an dalta na deiseanna oideachais céanna. Sa chéad áit, oibríonn an t-oide tacaíochta teanga le tuistí agus le hoidí ranga chun na daltaí a bhfuil riachtanais theanga acu, a aithint. Ansin déanann sé/sí meastucháin teanga leo, cruthaíonn sé/sí clár teanga oiriúnach dóibh, soláthraíonn sé/sí an clár sin agus ar bhonn leanúnach déanann sé/sí faireachán ar dhul chun cinn na ndaltaí.

### **Measúnú riachtanais theanga**

Is ceist mhór leathan é conas cumas Bhéarla na ndaltaí a mheasúnú. I 2007 d'fhoilsigh an Roinn Oideachais an '*Primary School Assessment Kit*' le cuidiú le hoidí a bhí ag iarraidh a ndaltaí a mheasúnú. Bhí na scrúduithe teanga sa leabhar seo forbartha ag *Integrate Ireland Language and Training* agus tá na leibhéal atá in úsáid le feiceáil thíos.

<b>Nearest equivalent levels using Primary and Post-Primary Assessment Kits</b>			
Level 0	Level A1	Level A2	Level B1
Absence of any English language proficiency	Can understand and use basic words and phrases in a social and school context	Can understand, read and write simple English and can speak English sufficiently well to exchange information	Can function well enough in English to be fully integrated into the mainstream classroom

Sa leabhar '*Primary School Assessment Kit*' tá tagarmharcanna le fáil a shonraíonn cad ba cheart do gach dalta bheith in ann a dhéanamh i mBéarla ag gach leibhéal. Is é an smaoineamh atá taobh thiar de ná go críochnódh aon tacaíocht teanga nuair a shroichfeadh an dalta Leibhéal B1. Ar an lámh eile, tá an ceart ag daltaí tacaíocht teanga a fháil ar feadh dhá bhliain gan tagairt do na leibhéal thuasluaite agus

mar sin is é an gnáthnós go bhfaigheann siad an dá bhliain sin ar aon nós. Ach má tá scoil ag iarraidh níos mó ná dhá bhliain á éileamh do dhalta éigean, ansin is éigean don scoil torthaí na measúnaithe a sholáthar.

Mar sin, in ainneoin an chiorraithe atá ar siúlanois agus atá geallta amach romhainn, tá córas fairsing rathúil ar siúl i scoileanna trasna na tíre.

Cabhraíonn an córas seo le comhthathú na ndaltaí agus a muintir i saol na scoile agus i saol na tíre. Níos tábhachtaí, ó thaobh an oideachais de, tugann an córas na deiseanna céanna do dhaltaí, a thagann ar scoil gan dóthain Béarla, lena gcumas ionlán a aimsiú. Níl siad ina suí i rang gan tuiscint ar bith ar cad atá ag tarlú timpeall orthu nó gan tuiscint ar fhocail an oide. Freisin níl siad ar mhíbhuntáiste i gcomparáid lena gcomhdhaltaí. Chomh mhaith leis sin, níl an t-oide ag caitheamh tréimhsí fada ag iarraidh míniú a thabhairt ar cad atá sé/sí ag múineadh, ag baint ó am foghlama an ranga. Tarlaíonn na rudaí seo go laethúil i scoileanna Gaeltachta ach níl tacáiocht ar bith ann ón Roinn Oideachais le soláthar ar riachtanais na ndaltaí nó na n-oidí atá iontu.

# Scéim na gCúntóirí Teanga

Tá Scéim na gCúntóirí Teangan ag feidhmiú sna scoileanna go léir a d'fhreagair na ceistneoirí. Cé gur scéim luachmhar í seo, ag an am céanna, níl sé ceart comparáid á dhéanamh idir an scéim seo agus an tacaíocht teanga atá á soláthar do scoileanna Galltachta ón Roinn Oideachas ó thaobh an Bhéarla de. Anseo déanfar cur síos gearr ar an scéim mar a fheidhmíonn sí i gCorca Dhuibhne.

Thosnaigh an scéim i Scoil Dhún Chaoin i 1992 agus bhí sé i gceist ó thíos go mbeadh an Cúntóir ag cabhrú le leanaí ar bheagán Gaeilge i gcomhthéacs go raibh siad sa mhionlach, ach le déanaí tá deacrachtaí ag fás mar go bhfuil an scéal iomlán difriúilanois os rud é go bhfuil ranganna iomlána nach mór gan Ghaeilge. Mar sin, éiríonn ceisteanna áirithe: cé dó/di a thabharfaidh an cúntóir tacaíocht , an tromlach gan Ghaeilge nó an t-aon pháiste amháin a bhfuil Gaeilge aige/aici ach nach bhfuil deiseanna saibhriú teanga aige/aici?

Bíonn Oidhreacht Chorca Dhuibhne ag riadaradh na scéime agus tá cúigear is fiche fostaithe acu i gCúige Mumhan idir Chiarraí, Chorcaigh agus Phort Láirge. Bíonn cúig huaire an chloig sa tseachtain le fáil do chúnntóirí i scoileanna beirt oide agus deich n-uaire an chloig sa tseachtain do scoileanna níos mó. Oibríonn siad 26 seachtain sa bhliain agus mar sin, is é an gnáthnós nach mbíonn siad sna scoileanna Bealtaine ná Meitheamh. Íocann Oidhreacht Chorca Dhuibhne na cúntóirí as airgead a thagann ón Roinn Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus mar sin ní chuireann an Roinn Oideachais aon tacaíocht teanga Béarla/Gaeilge ar fáil sna scoileanna Gaeltachta, fiú nuair atá sé soiléir go bhfuil sí riachtanach. Taobh le taobh leis an scéim seo, bíonn Oidhreacht Chorca Dhuibhne ag riadaradh Scéim na gCuairteoirí Baile.

Bhí tuairimí dearfacha i gconaí maidir leis an scéim seo agus mian ann go leathnófaí í. Bhí sé suimiúil tabhairt faoi deara gur luaigh gach éinne a labhair mé leo, luaigh siad an scéim chomh luath agus a dúirt mé go raibh mé ag déanamh taighde ar chúrsaí tacaíochta teanga. I gcodarsnacht air sin, ní raibh an fheasacht chéanna ann maidir leis an gcóras tacaíochta teanga, maoinithe ag an Roinn Oideachais, a bhíonn ag feidhmiú i scoileanna Galltachta. In aon chor, níl sé i gceist ag an taighde seo baint ón dea-obair a dhéanann na cúntóirí teanga. Ach bheinn go láidir den tuairim gur ceart

córas tacaíochta teanga, maoinithe ag an Roinn Oideachais agus múinteoirí cailithe ag obair ann, bheith ag feidhmiú taobh le taobh le Scéim na gCúntóirí Teanga.


## Torthaí an Taighde

Anois tagaimid chuig corp na tuairisce, an taighde é féin agus na torthaí a fuarthas uaidh. Deineadh cur síos thuas ar na nósanna imeachta a lean mé sa taighde. Nuair atá ábhar na tacaíochta teanga faoi staidéar, is ceart i dtosach ceisteanna a chur ar na scoileanna faoin líon daltaí atá iontu gan Ghaeilge go leibhéal áirithe. Tá roinnt maith ceisteanna, agus na freagraí leo, le feiceáil thíos. Táim den tuairim go dtugann siad dearcadh maith dúinn faoi staid reatha na Gaeilge sna scoileanna sna ceantracha Gaeltachta láidre.

I dTábla 1, tá sé éasca tabhairt faoi deara go bhfuil ceisteanna ann maidir leis an gcumas Gaeilge a bhíonn ag sciar maith daltaí i scoileanna Gaeltachta. Rinne Mac Donnacha et al. staidéar ábhartha air seo le déanaí agus tháinig siad chuig an tuiscint chéanna le suirbhé i bhfad níos mó. Tá níos mó ná 66% de na hoidí ag múineadh ranganna ina bhfuil níos mó ná 20% daltaí gan chaighdéan maith Gaeilge acu. Tá sé réasúnta ceapadh go mbíonn fadhbanna müinteoirreachta, bunaithe ar theanga, sna ranganna sin. Tá an tátal seo deimhnithe ag na torthaí a fuarthas ar cheisteanna eile sa cheistneoir agus atá le feiceáil thíos.

10											
9											

Tábla 1: An céatadán i ngach rang gan líofacht sa Ghaeilge nó gan chaighdéan ard sa Ghaeilge.



↑ líon ranganna

Céatadán ⇒

Tá sé soiléir ó Thábla 2a thíos go bhfuil mian i measc múinteoirí le córas tacaíochta teanga i scoileanna Gaeltachta. D'fhreagair níos mó ná 66% de na hoidí go gcuirfeadh siad 20% nó níos mó dá ndaltaí amach go hoide tacaíochta teanga dá mbeadh a leithéid ar fáil. Tá sé follasach mar sin go bhfuil imní ann, amanna, nach bhfuil an gnáthrang, atá ag feidhmiú trí Ghaeilge, go hiomlán ag soláthar ar na riachtanais atá i láthair. Mar a dúirt oide amháin, *Bíonn roinnt acu ag suí ag féachaint ort agus gan tuiscint ar bith acu ar na focail a thagann ó do bhéal*. Baineann an fhadhb seo le soláthar ar riachtanais fhíora ó thaobh an dalta gan Ghaeilge agus an dalta le Gaeilge freisin, mar bíonn an t-oide ag iarraidh gach éinne á shasamh. Tá sé suimiúil freagraí na bpriomhoidí a fheiceáil i dTábla 2b maidir leis an céatadán daltaí ón scoil iomlán a mholfadh siad le dul go hoide tacaíochta teanga dá mbeadh a leithéid ar fáil. Nuair nach n-áirítear ranganna na bpriomhoidí fhéin, tá an céatadán a chuirfeadh said chuig oide tacaíochta teanga níos airde.

Tábla 2a: An céatadán sa rang a chuirfí chuig oide tacaíochta teanga dá mbeadh a leithéid ar fáil.

14				
13				
12				
11				
10				
9				
8				
7				
6				
5				
4				
3				
2				
1				
	0-19%	20-39%	40-59%	60-79%
	80-100%			

↑ líon oidí a d'fhreagair

Céatadán ⇒

Tábla 2b: Cén céatadán sa scoil iomlán a bhainfeadh tairbhe as tacaíocht teanga?

8					
7					
6					
5					
4					
3					
2					
1					
	0-19%	20-39%	40-59%	60-79%	80-100%

↑ líon scoileanna a d'fhreagair

Céatadán ⇒

Léiríonn Tábla 3, thíos, na fadhbanna a bhaineann leis na ranganna a bhíonn ar siúl trí theanga amháin gan tuiscint ar an teanga sin ag gach páiste iontu. Mar oide, tá sé deacair go leor bheith cinnte go bhfuil gach dalta in ann na hábhair a rochtain agus leas a bhaint astu, fiú nuair atá tú ag múineadh trí Bhéarla. Nuair nach bhfuil labhairt na teanga acu nó an foclóir ceart ar eolas acu, éiríonn an jab i bhfad níos deacra. Arís is cúis imní é seo mar caithfear aitheantas a thabhairt go bhfuil fadhb ann agus gá le gníomh má tá 56% de múinteoirí ag freagairt nach bhfuil gach páiste in ann an curaclam a rochtain trí Ghaeilge.

Tábla 3: An bhfuil gach páiste i do rang in ann an curaclam a rochtain trí Ghaeilge?

17		
16		
15		
14		
13	Blue	Red
12	Blue	Red
11	Blue	Red
10	Blue	Red
9	Blue	Red
8	Blue	Red
7	Blue	Red
6	Blue	Red
5	Blue	Red
4	Blue	Red
3	Blue	Red
2	Blue	Red
1	Blue	Red
	Tá siad	Níl siad

↑ líon oidí a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Tagann ceist an tsaibhris teanga suas go minic in aon taighde a dhéantar maidir leis an nGaeilge agus cúrsaí oideachais. Tharla seo freisin sa taighde seo. Mar atá le feiceáil thíos i dTábla 4, tá formhór na scoileanna den bharúil go bhfuil caighdéan Gaeilge na bpáistí a thagann ar scoil le Gaeilge ag íslíú le déanaí. Luadh an t-imní seo sna hagallaimh freisin agus bhí luach na n-agallamh le fáil sna focail a fuair mé uatha faoin ábhar seo. Dúirt oide amháin go maol *Tá an saibhreas imithe* agus dúirt oide eile *Tá caighdéan na Gaeilge ag titim go suntasach*. Tá sé soiléir fresin ó na tuairimí a chuala mé agus a scríobhadh go bhfuil tionchar ag na páistí gan Ghaeilge orthusan le Gaeilge. Scríobh oide amháin, *Má bhíonn pearsantacht láidir ag páiste, meallann sé/sí páistí i dtreo an Bhéarla go minic*, agus oide eile, *Athraíonn na leanaí le Gaeilge go Béarla*. In agallamh, rinne oide eile an ráiteas, *Tá na páistí gan Ghaeilge ag baint ó Ghaeilge na bpáistí a thagann isteach le Gaeilge*. Dúirt príomhoide eile ó chroílár ceantair Ghaeltachta, *Is bréa leo bheith ag caint le chéile trí Bhéarla*. Tá líne faoi na focail le chéile mar is dóigh liom go bhfuil an úsáid teanga sin an-chosúil leis an tslí ina n-athraíonn an teanga i ngrúpa nuair a thagann fiú duine amháin gan Ghaeilge chucu. Is cúis imní do thuistí agus do phobal na Gaeilge an

tionchar seo ar úsáid na teanga agus ar shaibhreas teanga, a luadh roimhe seo sa staidéar a rinne Mac Donnacha et al, *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*, mar muna bhfuil saibhreas ann tá baol ann nach mbeidh ach saghas ‘creole’ fágtha. Freisin caithimid cuimhneamh go mbaineann an cheist seo thíos leis an gcéatadán páistí a thagann ar scoil ó theaghlaigh le Gaeilge, iadsan le saibhreas éigean, rannóg atá ag ísliú go leanúnach.

Tábla 4: Conas atá caighdéan Ghaeilge na bpáistí, a thagann ó theaghlaigh le Gaeilge, le roinnt blianta anuas?

17			
16			
15			
14			
13			
12			
11			
10			
9			
8			
7			
6			
5			
4			
3			
2			
1	Ag ardú	Gan aon athrú	Ag ísliú

↑ líon oidí a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Tá na trí thábla thíos faoi cheisteanna a bhaineann leis an tionchar a bhíonn ag líon na bpáistí i ranganna gan Ghaeilge ar a dtoil acu. Tá níos mó ná 75% d'oidí den bharúil go mbíonn tionchar ag daltaí gan Ghaeilge ar úsáid na Gaeilge mar mhéan teagaisc ina ranganna. Ní haon ionadh é seo agus arís agus arís luadh an tsaincheist seo nuair a labhair mé le daoine sna scoileanna. Dúirt oide amháin, *Tá sé deacair iad a choimeád ag caint trí Ghaeilge*, dúirt duine eile, *Tá meascán chúlra teanga sna ranganna agus bíonn bearnaí cumais an-mhóra eatarthu*, agus duine eile ag maíomh, *Bíonn ort rudaí a mhíniú trí Bhéarla rómhinic*. Sna freagraí scríofa a d'fhill chugam

freisin bhí an tionchar le feiceáil, *Caithfear achan rud a athrá i mBéarla*, agus duine eile ag scríobh, *Uaireanta míníonn mé foclóir dóibh i mBéarla tar éis é a mhúineadh i nGaeilge i dtosach agus múinteoir amháin ag rá, Tá, agus beidh, focla nach dtuigeann na gasúir trí Ghaeilge agus beidh am curtha amú iad seo a mhíniú*. Mar a bheidh le feiceáil arís thíos, tá go leor obair bhreise le déanamh i scoileanna Gaeltachta gan a bheith ag múineadh an cheachta chéanna faoi dhó.

Tábla 5: An mbíonn tionchar ag daltaí gan Ghaeilge ar úsáid na Gaeilge mar mhéan teagaisc i ranganna?

14					
13					
12					
11					
10					
9					
8					
7					
6					
5					
4					
3					
2					
1					
Bíonn i gconaí		Bíonn ó am go ham		Ní bhíonn	

↑ líon oidí a d'fhreagair

Freagraí ⇒


Tábla 6: An mbíonn ar an múinteoir am faoi leith a chaitheamh ag múineadh ábhair do pháistí gan chaighdáin sásúil sa Ghaeilge?

15					
14					
13					
12					
11					
10					
9					
8					
7					
6					
5					
4					
3					
2					
1					
Bíonn i gconaí		Braitheann sé ar an ábhar		Ní bhíonn	

↑ líon oidí a d'fhreagair  
 Freagraí ⇒

Mar atá iontach follasach ón dtábla thíos, bíonn níos mó oibre le déanamh ag oidí i scoileanna Gaeltachta. D'aontaigh nach mór gach éinne ar an gceist seo - 96% de na freagróirí ag aontú go mbíonn ar oidí Gaeltachta níos mó oibre a dhéanamh. Thacaigh raon leathan cúiseanna leis na tuairimí seo. I gcásanna, bhí nasc ann idir an obair bhreise agus an tionchar a bhíonn ag daltaí gan Ghaeilge ar an méan teagaisc, mar atá thuasluaithe i dTábla 6 . Mar shampla, *Bíonn ort gníomhachtaí ó leabhair shaothair agus ó théacsleabhair a athscríobh chun iad á dhéanamh níos simplí ó thaobh teanga de.* Rinne oide ó scoil amháin ráiteas an-chruinn faoin bhfadhb seo, *Bíonn gan amhras, bíonn ceacht teanga i gceist le gach aon ábhar leis, obair bhreise cinnte dúinn.* Amanna eile, luaigh daoine easpa acmhainní cuí i nGaeilge mar chúis, *Tá an-chuid ama caite ag déanamh acmhainní Gaeilge agus ag aistriú acmhainní Béarla agus uaireanta luaigh múinteoirí obair aistriúcháin a bhíonn riachtanach, Is minic go mbíonn orainn obair a aistriú go Gaeilge muid féin sul má féidir linn tabhairt faoin rang.*

Tábla 7: An mbíonn ar oidí Gaeltachta níos mó oibre a dhéanamh chun na hábhair a mhúineadh ar chaighdáin ard toisc easpa acmhainní múinteoirreachta i nGaeilge?



↑ líon oidí a d'fhreagair  
 Freagraí ⇒

Taobh le taobh leis na ceisteanna a bhaineann le hacmhainní agus le heaspa tuisceana ar an méan teagaisc, bhí daoine buartha faoi rudaí eile freisin nuair a rinne mé na hagallaimh. Luaign gach oide ar labhair mé leis go mbíonn na deacrachtaí teanga níos measa mar go mbíonn formhór na scoileanna Gaeltachta (agus scoileanna tuaithe go ginearálta) beag. Mar sin bíonn an t-oide ag múineadh níos mó ná rang amháin. Arís, bíonn seo deacair i gnáthscoil toisc na bearnaí cumais a bhíonn idir páistí. Nuair atá cumas teanga freisin i gceist, tá an scéal i bhfad níos casta. Tá an bearna idir páiste i rang 3 gan ach beagán Gaeilge aige agus páiste le Gaeilge líofa i rang 6 an-leathan agus deacair é a laghdú. Má chuirtear an deacracht seo leis na ceisteanna a bhíonn ann maidir le téacsleabhair agus acmhainní rang-oiriúnacha i nGaeilge, tá sé soiléir go mbíonn fadhbanna ann agus gur gá iad a réiteach trí thacaíocht cheart a thabhairt do mhúinteoirí. Chabhródh tacaíocht teanga chun an bearna leathan cumais sin a lónadh.

Ó thaobh na Gaeilge de agus an pobal mórrhimpeall, bhí formhór na bpriomhoidí a d'fhreagair den tuairim gur mheall an Ghaeilge í fhéin tuistí áirithe chuig an scoil. As daréag a líon isteach an cheist sin, dúirt aon duine dhéag acu go spreagann an teanga teagaisc sa scoil tuistí chun a bpáistí a chur ar an scoil sin. Is ábhar dóchais é sin do na scoileanna. Freisin, bhí sé soiléir ó na freagraí a tháinig isteach go bhfuil raon leathan imeachtaí ar siúl idir na scoileanna agus na pobail áitiúla, ó ranganna agus dramaí go cuairteanna ó dhaoine áitiúla agus eagraíochtaí spóirt. Ach taobh le taobh leis an nuacht dearfach seo, bhí fianaise ann go mbíonn fadhbanna ann chomh mhaith. Tá sé sin le feiceáil sa tábla thíos a thaispéanann nach mbíonn na tuistí go léir ag tacú leis an nGaeilge i ngach scoil. Dúirt oide áirithe, ‘*Is cuma le roinnt acu faoin nGaeilge*’. Bíonn ceisteanna ann chomh maith sa phobal agus ar scoil faoin nGaeilge í féin, le beirt oidí ag insint dom go mbíonn daoine ag fiosrú cén mhaitheas í foghlaim na Gaeilge nuair a fhágann na páistí na Gaeltachtaí beaga chun ardoideachas agus fostáiocht a chuardach? Tá sé deacair daltaí a mhealladh i dtreo na Gaeilge nuair atá tuairimí mar seo i láthair. Luaign príomhoide eile nach bhfuil na scoileanna Gaeltachta cosúil leis na Gaelscoileanna ó thaobh rogha agus tacaíocht teanga de mar, ‘*Is scoil áitiúil í, ní dhéantar rogha dearfach faoin nGaeilge maidir le páiste a chur ann, mar sin níl sé cosúil le Gaelscoileanna*’. Ní

cáineadh é an ráiteas seo ach is fíor é. Taobh le taobh leis na fadhbanna sin, tá fíric eile ann a thuairiscigh príomhoide eile, ‘*Tá Gaeilge bhreá ag na tuistí agus an chlann ach ní labhraíonn siad í leis an bpáiste, cad is féidir linn á dhéanamh mar sin?*’ Luaigne duine eile easpa úsáide na teanga sa chomhphobal seo freisin nuair a dúradh ‘*Níl an Ghaeilge timpeall orthu, níl sí nadúrtha.*’ Cinnte tá tabhacht faoi leith ag baint le tacaíocht an phobail do scoileanna Gaeltachta.

Tábla 8: An mbíonn tuairimí dearfacha ann i measc na dtuistí ó thaobh na Gaeilge de?

10		
9		
8		
7		
6		
5		
4		
3		
2		
1		
	Tuairimí dearfacha	Braitheann sé ar an gclann

↑ líon scoileanna a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Anois tagaimid chuig na nósanna atá in úsáid i scoileanna go dtí seo, ó thaobh tacaíochta teanga de agus freisin na tuairimí a bhíonn ag príomhoidí agus scoileanna maidir le haon chóras nua a chuirfí i bhfeidhm. I dTábla 9, feicimid an fíormhian atá i measc na bpríomhoidí le córas a chabhródh leis na fadhbanna teanga a bhíonn i scoileanna Gaeltachta. I rith na n-agallamh, ní dúirt aon phríomhoide go bhfuil tacaíocht, ón Roinn Oideachais, á soláthar do scoileanna agus dúirt duine éigean liom, *Níl puinn ag teacht ón Roinn!* Tá formhór na bpríomhoidí den tuairim go bhfuil ról ann do chóras tacaíochta teanga sna scoileanna Gaeltachta. Thug mé faoi deara freisin i rith na n-agallamh go bhfuil éadóchas de shaghas éigean mórrhimpeall faoin

nGaeilge agus an todhchaí atá roimpi. Dúirt duine amháin, *Tá an stát ag brath ar na scoileanna, coimeádann siad beo í ach fós tá an teanga ar an imeall.*

Tábla 9: An gceapann tú go bhfuil gá le córas nua tacaíochta teanga le soláthar ar na riachtanais theanga atá ag scoileanna Gaeltachta?

10			
9			
8			
7			
6			
5			
4			
3			
2			
1			
Tá ról ann		Nílim cinnte	Níl ról ann

↑ líon scoileanna a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Tá Tábla 10 nascaithe le Tábla 4 thusa agus le ceistí a bhaineann le saibhreas teanga. Bíonn imní ann amanna nach bhfuil scoileanna ag soláthar ar na riachtanais a bhíonn ag daltaí ó theaghlaigh le Gaeilge. Go háirithe, de réir mar a bhogann an páiste suas trí na ranganna, éiríonn an foclóir Béarla srl. a bhíonn ag daltaí níos fairsinge ach an dtarlaíonn an leathnú céanna ina gcuid Gaeilge? Tá an domhan timpeall ar na daltaí lán le Béarla, ar an teilifís, sna meáin chumarsáide, i scannáin agus ar an bhfón nuair a théacsann siad a chéile, mar sin ní haon ionadh é go mbíonn a gcumas Béarla ag fás níos tapúla. Mar thoradh ar na ceistí sin, chuir mé an cheist thíos chun tuairimí a bhailiú faoi cé chomh leathan a mholfadh oidí d'aon córas a bheith. Mar atá soiléir, tá an tromlach acu den bharúil go bhfuil ról saibhreas teanga ann. I rith agallaimh amháin, luaigh duine amháin páistí a tháinig chucu le Gaeilge bhréa nadúrtha, ach le himeacht ama, labhraíonn siad níos mó agus

níos mó Béarla mar is é Béarla an teanga a bhíonn ag na daltaí eile agus bíonn sé níos éasca é a labhairt ar scoil.

Tábla 10: An gceapann tú an bhfuil aon ról ag oide a thabharfadhbh ceachtanna i saibhreas teanga do na páistí, fiú páistí le Gaeilge líofa, chun a gcumas agus foclóir a fheabhsú?

10			
9			
8			
7			
6			
5			
4			
3			
2			
1			
	Tá ról saibhreas teanga ann	Nílim cinnte	Níl ról saibhreas teanga ann

↑ líon scoileanna a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Dá mbeadh an Roinn Oideachais toilteanach córas tacaíochta teanga a chur i bhfeidhm, bheadh ceisteanna le plé maidir le practiciúlachtaí. Le cabhrú linn na ceisteanna seo a fhreagairt, is fiú súil a chaitheamh ar na córais a bhíonn ar siúl i scoileanna anois. Mar shampla tá cosúlachtaí ann le Scéim na gCúntóirí Teanga agus an ghnáththacaíocht foghlama ó thaobh feidhmithe de. Mar shampla, dá mbeadh oide tacaíochta teanga (roinnte) i scoileanna an mbeadh sé/sí ag obair sa rang taobh le taobh leis an oide ranga nó an mbeadh sé/sí ag tógáil an pháiste amach go seomra eile? De réir na dtreoirlínte ar thacaíocht teanga i mBéarla, tá sé tábhachtach go mbeadh spás áirithe lasmuigh den rang atá sainithe don oide tacaíochta teanga agus a d(h)altaí. An mbeadh spás mar seo infhaigthe i scoileanna Gaeltachta?

Sa chéad áit taispeánann Tábla 11 thíos go mbeadh gach scoil toilteanach glacadh le hoide sa bhrefis chun tacaíocht teanga a sholáthar, fíric a thugann tacaíocht do Thábla 9 thuasluaite. Bhí duine amháin den tuairim ‘*Dhéanfainn spás d’oide eile!*’.

Tábla 11: An mbeadh do scoil toilteanach glacadh le múinteoir sa brefris (roinnte) chun tacaíocht teanga a sholáthar i nGaeilge?

14		
13		
12		
11		
10		
9		
8		
7		
6		
5		
4		
3		
2		
1		
	Bheadh an scoil toilteanach	Ní bheadh an scoil toilteanach

↑ líon scoileanna a d’fhreagair  
Freagraí ⇒

Ó thaobh na gcúntóirí teanga de, bíonn siad ag obair lasmuigh den rang i bhformhór na scoileanna agus sa chéatadán céanna scoileanna, nach mór, bíonn siad ag obair le grúpaí in áit páistí aonair. Tá an córas oibre sin, grúpaí ag obair le chéile, molta sna treoirlínte tacaíochta teanga, a eisíonn an Roinn Oideachais. Nuair a bhíonn páistí i ngrúpaí, bíonn níos mó deiseanna sóisiálta acu le labhairt le chéile chun a scileanna teanga a chothú agus a fhorbairt.

Tábla 12 : An oibríonn an cúntóir teanga sa rang nó i seomra eile?

9			
8			
7			
6			
5			
4			
3			
2			
1			
	Lasmuigh den rang	Go hiomlán sa rang	Meascán den dá chóras

↑ líon scoileanna a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Tábla 13: An oibríonn an/na cúntóir(í) teanga le grúpaí nó le páistí aonair?

8			
7			
6			
5			
4			
3			
2			
1			
	Le grúpaí	Meascán	Le páistí aonair

↑ lón scoileanna a d'fhreagair  
Freagraí ⇒

Feicimid i dTábla 14 go mbíonn múinteoirí tacaíochta foghlama i scoileanna Gaeltachta ag díriú ar na hábhair chéanna agus a bhíonn siad i scoileanna Gaeltachta. Níl ach scoil amháin a d'fhreagair ag tairiscint tacaíochta foghlama trí Ghaeilge, thíos a chuireann béis ar an easpa tacaíochta a bhaineann leis an príomhmheán teagaisc i scoileanna Gaeltachta. Nach ait é nach bhfuil aon soláthar déanta le tacaíocht foghlama a thabhairt don phríomhmheán teagaisc?

Tábla 14: Cen ábhar a thagann faoi chúram an mhúinteoir tacaíochta foghlama?

12				
11				
10				
9				
8				
7				
6				
5				
4				
3				
2				
1				
	Béarla		Mata	Gaeilge

↑ lion scoileanna a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Mar atá le feiceáil thíos, is iad na córais a thógann daltaí amach as an rang na cinn is coitianta nuair atá tacaíocht foghlama i gceist. Níor fhreagair aon phríomhoide go mbíonn an oide tacaíochta foghlama ag obair leis an bpáiste sa rang. Ach ar an lámh eile, tá sé suimiúil an difríocht idir Tábla 15 agus Tábla 16 a thabhairt faoi deara. Nuair atá tacaíocht teanga i gceist, roghnaigh 1/3 acu córas iomlán comhtháite sa rang agus nach mór gach éinne eile, meascán den dhá chóras. Níl sé iomlán soiléir céan fáth a tharlaíonn seo ach is dócha go mbíonn fadhbanna teanga níos leithne trasna na n-ábhar go léir agus tríd an lá iomlán. Mar sin, bheadh sé áisiúil do mhúinteoir

bheith in ann cabhair a fháil ó oide eile díreach nuair a bheadh aon fhadhbanna ag tosú.

Tábla 15: An mbíonn cúrsaí tacaíochta foghlama comhtháite sa ghnáthrang nó an dtéann na páistí amach go spás éagsúil?

10			
9			
8			
7			
6			
5			
4			
3			
2			
1			
	Téann na páistí amach	Córas iomlán comhtháite sa rang	Meascán den dhá chórás

↑ méid scoileanna a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Tábla 16: Cén sórt córas tacaíochta teanga a roghnófá dá mbeadh ceann le cur i bhfeidhm i do scoilse?

8			
7			
6			
5			
4			
3			
2			
1			
	Córas lasmuigh den rang	Córas iomlán comhtháite sa rang	Meascán den dhá chórás

↑ líon scoileanna a d'fhreagair

Freagraí ⇒

Táimid ag teacht go críoch na dtáblaíanois. Iarradh an cheist seo atá i dTábla 17 ar phríomhoidí le fáil amach an mbeadh na hoidí atá ina scoileanna sásta post mar oide tacaíochta teanga a dhéanamh. D'fhreagair níos mó ná leath acu go mbeadh suim acu. Freisin, bheinn den tuairim phearsanta nach mbeadh fadhb ann postanna úra a líonadh i scoileanna Gaeltachta. Go tradisiúnta, bíonn deacracht ag múinteoirí na Gaeltachta filleadh ar a n-áiteanna dúchais de bharr easpa folúntaisí, mar sin bheadh aon phostanna nua mar ábhar dóchais dóibhsean atá anois ag obair lasmuigh den Ghaeltacht.

Tábla 17: An mbeadh suim agat i gcúrsaí traenála chun cailíocht a fháil a chabhródh leat an Ghaeilge a mhúineadh mar dhara teanga?

8			
7			
6			
5			
4			
3			
2			
1			
	Bheadh suim agam	Nílim cinnte	Ní bheadh suim agam

↑ líon scoileanna a d'fhreagair  
 Freagraí ⇒

# Críoch

Nuair a thosnaigh me ag pleanáil an taighde seo i Mí Aibréáin na bliana seo a d'imir tharainn, bhíos dóchasach go gcuirfeadh an Roinn Oideachais córas tacaíochta teanga ar siúl i scoileanna Gaeltachta. Inniu agus an taighde déanta, na sonraí comhairthe, na tuaraimí taifeadta agus an tuairisc scríofa agam, tá an dóchas sin thíos leis an ngeilleagar ach ina áit tá creideamh láidir agamanois gur cheart don Roinn Oideachais córas comhchosúil a chur i bhfeidhm láithreach i scoileanna na Gaeltachta.

Tá sé breá soiléir domsa ó thaobh mo thaighde fhéin de agus ón taighde a rinne údair eile le roinnt bliana anuas, go bhfuil an Ghaeltacht faoi bhrú leanúnach agus go bhfuil na pobail teanga iontu ag creimeadh diaidh ar ndiaidh. Ní dóigh liom go bhfuil sé mar áibhéal a rá gur cás práinneach é.

Ó thaobh an taighde seo de, taispeánann na sonraí a bailíodh go bhfuil gá agus mian i measc na geallshealbhóiri i scoileanna Gaeltachta, le córas tacaíochta teanga a bhunú. Tá na scoileanna sásta bheith mar threoraithe san obair chaomhnaithe teanga a bhíonn ar siúl sna Gaeltachtaí ach fós bíonn an misean sin faoi bhrú.

Aithníonn an Roinn Oideachais go hoscaillte na fadhbanna a eascraíonn nuair nach bhfuil dóthain teanga ag daltaí, i scoileanna Galltachta, an curaclam a rochtain nó chun idirghníomhú go dearfach lena gcomhdhaltaí agus lena n-oidí. Tugann siad tacaíocht do scoileanna chun na deacrachartaí coiteanna seo a sheachaint ach ar an lámh eile déantar ráiteas dearfa sa chiorclán is déanaí nach gcuirfear an tacaíocht chéanna ar fáil do scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge!

Ag túis na tuaraisce seo, athscríobhadh sliocht ón mbreithiúnas deifnídeach, cáiliúil a rinne an Breitheamh Hardiman sa chás Ó Beoláin v Fahy agus Eile [2001]. Is dóigh liom gur fiú é a scríobh anseo arís.

*Is é mo thuairimse nach féidir an Ghaeilge arb í an teanga náisiúnta í agus, san am céanna arb í príomhtheanga oifigiúil an Stáit í, a eisiamh (ar a laghad in éagmáis dlí den chinéal a shamhlaítear le hAirteagal 8.3) ó aon chuid de dhioscúrsa poiblí an náisiúin nó ó aon ghnó oifigiúil de chuid an Stáit nó de chuid aon cheann dá bhaill. Ná ní féidir caitheamh léi sna comhthéacsanna seo ar shlí ar bith nach bhfuil chomh fabhrach leis an tslí a gcaitear leis an dara teanga oifigiúil.*

Hardiman Brmh, Ó Beoláin v Fahy agus Eile [2001].

Tá an cuma ar an scéal, i mo thuairimse mar ghnáthdhuine ar aon chor, go bhfuil an Roinn Oideachais ag caitheamh leis an nGaeilge ar shlí nach bhfuil chomh fabhrach leis an tslí a gcaitear leis an dara teanga oifigiúil. Déarfainn nach nglacfadh dlíodóirí na Roinne leis an tuairim sin, ach is cinnte go bhfuil cinntí na Roinne Oideachais maidir le tacaíocht teanga don Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta ag dul i gcoinne spiorad an Bhunreachta maidir leis an chéad teanga oifigiúil agus an breithiúnas tábhachtach thuasluaite.

Tá oidí i scoileanna Gaeltachta ag déanamh sárobair ar son na teanga. Gach lá cuireann siad í chun cinn go díreach agus go hindíreach. Cothaíonn siad an Ghaeilge i dtobar na teanga, na Gaeltachtaí. Ní dhéantar gearán faoi seo ach, in ainneoinn sin, ba cheart an tacaíocht chuí a bheith ar fáil do na múinteoirí sin. Cuireann an t-ualach teanga a thagann le bheith ag múineadh i scoileanna sna fíorghaeltachtaí tuilleadh brú ar oidí agus ar phríomhoidí. Mar atá le feiceáil sna táblaí thuas, motháíonn siad go mbíonn níos mó oibre le déanamh sna scoileanna seo. Bíonn buartháí ann i gconaí nach bhfuil na daltaí gan Ghaeilge ag fáil an deis ar ceart dóibh a fháil. Freisin bíonn imní ann i gconaí nach bhfuil na daltaí le Gaeilge ag déanamh dul chun cinn agus forbairt teanga oriúinach de bharr na ndúshlán teanga a bhíonn sa rang. Níl sé ceart nó cóir nach bhfuil aon tacaíocht ag teacht ón Roinn Oideachais\_chun na hualaí seo a laghdú.

Mar sin, cad atá amach roimh na scoileanna Gaeltachta ó thaobh tacaíochta teanga agus an Ghaeilge? Mar a luaignéar mé sa réamhrá, ní dóigh liom go bhfuil seans ar bith go dtabharfaidh an Roinn Oideachais aon tacaíocht teanga do scoileanna Gaeltachta. Tá gearradh siar fad-téarmach ar siúl trasna na Roinne go léir agus in áit níos mó oidí is níos lú acu atá i gceist. Is náire ceart é sin. Ach ar an lámh eile, dá mbeadh tacaíocht ar fáil bheadh ceisteanna conspóideacha eile le plé. Dá gcuirfí tacaíocht teanga ar fáil do scoileanna i nGaeltachtaí atá rangtha i gcatagóir A agus B amháin, tá gach seans go mbeadh gearáin láidre ó na gréasáin teanga i roinnt de na breacghaeltachtaí i gcatagóir C. Fresin d'ardófaí ceisteanna maidir le soláthar tacaíochta teanga do dhaltaí i nGael scoileanna. Nár cheart rud éigean a bheith iontu freisin? An mbeadh sé níos fearr léirshamhail na Breatnaise a leanúint, ina mbíonn Ionaid Shealbhú Teanga acu atá lonnaithe go lárnach, agus bíonn daltaí ó scoileanna éagsúla ag freastal orthu chun a gcumas agus a líofacht teanga a fheabhsú? Ar leibhéal níos doimhne, an ndéanfadh tacaíocht teanga aon difríocht gan phobail Ghaeltachta ag casadh siar i dtreo na Gaeilge arís?

Ní féidir liom na ceisteanna sin thuasluaite a fhreagairt sa taighde seo. Is éigean do dhaoine eile iad a phlé agus a réiteach má éiríonn an deis. Deineadh iarracht anseo na tuairimí a bhíonn ag oidí agus ag príomhoidi a bhailiú agus roinnt de na féidearachtaí a bhaineann le córas tacaíocht teanga na Gaeilge a iniúchadh. Tar éis na sonraí a chur le chéile agus an t-eolas a léirmhíniú tá i bhfad níos mó solais caite ar an ábhar seo. Táim anois níos láidre den tuairim ná roimhe seo go bhfuil ag éirí leis na hoidí ina gcuid oibre, in ainneoin na Roinne Oideachais. Níor mhian leis an Roinn Oideachais an tacaíocht chéanna a thabhairt dóibh agus a fhaigheann scoileanna Galltachta. Tá an Roinn Oideachais bréa sásta iad a fhágáil le leanúint ar aghaidh leis an Roinn Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Ach in ainneoinn na sároibre a dhéanann na cúntóirí teanga trasna na tíre ag caomhnú agus ag forbairt teanga, ní mar a chéile é agus córas tacaíochta teanga le hoidí cáilithe fostaithe ann. In áit cúntóirí teanga agus oidí tacaíochta teanga ag comhoibriú taobh le taobh, tá an Roinn Oideachais ag fágáil a freagrachtaí ar dhroimeanna na n-oidí ranga agus na gcúntóirí teanga.

Ag deireadh thiar thall, tá an cheist seo níos leithne ná na scoileanna amháin. Níl go leor tuistí ag tógáil a gcuid bpáistí le Gaeilge sa lá inniu. Níl go leor páistí le Gaeilge ag sroicheadh na scoileanna. Mar sin caithfidh a lán, lán, páistí (an tromlach?) a gcuid Gaeilge a fhoghlaím. Muna bhfoghlaimíonn siad sna scoileanna í ní fhoghlaimeoidh siad in aon áit eile í. Muna bhfoghlaimaíonn siad ar chor ar bith í, cuirtear tairne eile i gcónra na Gaeltachta. Is é todhchaí na Gaeltachta atá ag croílár na ceiste. Mar a dúirt duine amháin liom *N'fheadar cad atá amach roimh an nGaeltacht, gan caint ar scoileanna Gaeltachta?*. Cad atá amach roimh an nGaeilge mar theanga phobail? Tá Plean Straitéiseach 20 Bliain foilsithe ag an Rialtas ach an gcuirfeá na moltaí i bhfeidhm? Níl a fhios agam faoi sin ach táim cinnte céad faoin gcéad faoi rud amháin, tá riachtanais ann le córas tacaíochta teanga i scoileanna Gaeltachta. Anois.

# Liosta Foinsí

## Príomhfhóinsí scríofa:

Bunreacht na hÉireann. (1937).

Harris, J., (2006) *Irish in Primary Schools: Long-term National Trends in Achievement*. B.A.C.

Little, D, Lazenby Simpson, B, Finnegan Catibusic, B., (2007) *Primary Schools Assessment Kit*. Dublin. Dept. of Education.

Mac Donnacha, S., *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta: Léargas ó na Príomhoidí, na Muinteoirí agus na Tuismitheoirí*. B.A.C. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda A, O'Brien, M., Ó Giolagáin, C., (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. B.A.C. An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A., Ní Mhainín, T., (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*. B.A.C. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

N.C.C.A. (2006) *Language and Literacy in Irish Medium Primary Schools: Descriptions of Practice*. Dublin. National Council for Curriculum and Assessment

Ó hÉallaithe, D., (2007) *Anailís ar Scéim Labhairt na Gaeilge 2006/2007*. Le fáil ar [www.anghaeltacht.net/ctg/sl0607.html](http://www.anghaeltacht.net/ctg/sl0607.html)

Ó hÉallaithe, D., (2007) *Anailís ar Thortháí Dhaonáireamh 2006 maidir le Labhairt na Gaeilge sa Ghaeltacht*. Le fáil ar [www.anghaeltacht.net/ctg/daongael06.html](http://www.anghaeltacht.net/ctg/daongael06.html)

Ó Tuathail, S., (2002) *Gaeilge agus Bunreacht*. B.A.C. Coiscéim.

Ó Siaghail, G., Déiseach, C., (2004) *Próifílí Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna Lán-Ghaeilge*. B.A.C. An Foras Taighde ar Oideachas.

[www.education.ie](http://www.education.ie) Ciorclán 0053/2007 agus 0015/2009.

## Foinsí eile:

Na scoileanna ar cuireadh ceistneoirí chucu nó a ghlac páirt sa taighde trí agallaimh.

### **Gaeltachtaí Chúige Mumhan:**

*Ciarrai*

Scoil Mhaolchéadair,

Baile na nGall,

An Daingean.

Scoil Chaitlín Naofa,

Cill Mhic a' Domhnaigh

An Daingean.

*Port Láirge*

Scoil Cheann Trá,

Ceann Trá,

An Daingean.

Scoil Náisiúnta na Rinne,

An Rinn,

Dún Gharbháin.

Scoil an Fheirtéaraigh,

Baile an Fheirtéaraigh,

An Daingean.

*Corcaigh*

Scoil Chúil Aodha,

Barr d'Ínse

Cúil Aodha

Maghcromtha.

Scoil an Ghleanna,

Na Gleannta,

An Daingean.

Scoil Naomh Eirc,

Baile an Mhóraigh,

An Daingean.

Scoil Naomh Gobnait,

Dún Chaoin,

An Daingean.

### **Gaeltachtaí Chúige Chonnachta**

*Gaillimh*

Scoil Éinne,

An Spidéal.

S.N. Mhic Dara,

An Ceathrú Rua.

S.N. Ronáin

Inis Mór.

S.N. Sailearna

Indreabhan.

Scoil Náisiúnta Tír an Fhiadha.

Leitir Mór.

S.N. Muire Gan Smál,

Camas.

*Maigh Eo.*

Scoil Ceathrú Thaidhg,

Ceathrú Thaidhg,

### **Gaeltachtaí Chúige Uladh**

*Dún na nGall*

S.N. Oilibhéar Pluincéid,

Rann na Feirste.

S.N. Naomh Chonaill,

Machaire Chlochair,

Bun Beag.

S.N. Gort an Choirce,

Gort an Choirce.

S.N. Aráinn Mhór,

Aráinn Mhór.

# Aguisín 1: Na Ceistneoirí

### Eolas Ginearálta

1. Cad is ainm don scoil?

---

2. An bhfuil stádas míbhuntáiste nó aon stádas eile faoi leith ag an scoil?

---

3. Cé mhéad daltaí atá ag freastal ar an scoil?

4. Cé mhéad múinteoirí lán-aimseartha atá sa scoil?

1-2	
2-3	
3-4	
5+	

5. An bhfuil sé deacair oidí le Gaeilge a earcú ? (ionadaithe san áireamh)

	Tá	Níl
Lán-aimseartha		
Ionadaithe		

6. Cad é an príomhtheanga teagaisc ar scoil?

An Ghaeilge	
An Béarla	

7. Le cúig bliana anuas, cé mhéad daltaí a thosnaigh ag freastal ar scoil i Rang a hAon nó níos airde, a tháinig ó scoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht? (Is féidir leat meastúcháin á dhéanamh)

8. Go ginearálta, an bhfuil na huimhreacha atá ag freastal ar an scoil ag ardú nó ag isliú ón mbliain 2000 i leith?

---

Ag ardú	
Ag íslíú	
Ag fanacht mar an gcéanna	

9. An labhraíonn na páistí i do scoilse mórán Gaeilge eatarthy féin lasmuigh den rang, m.sh sa chlós, ar imeachtaí scoile?

An Ghaeilge den chuid is mó	
Meascán cothrom den dá theanga	
Níos mó Béarla ná Gaeilge	
Béarla den chuid is mó	

10. An íslíonn an méid Gaeilge a labhraíonn na páistí eatarthy féin de réir mar a théann siad ó Rang go Rang?

Islíonn an méid	
Fanann sé mar an gcéanna	
Ardaíonn an méid	

11. An bhfuil tuairimí dearfacha ann i measc na dtuistí ó thaobh na Gaeilge de?

Tuairimí dearfacha	
Braitheann sé ar an gclann	
Is cuma leo	
Tuairimí diúltacha	

12. An ndéarfá go spreagann an Ghaeilge, atá le fáil i do scoilse, tuistí chun a bpáistí a chur chugaibh lena n-oideachas a fháil?

Spreagann	
Ní spreagann	
Níl sé ábhartha	

13. An mbíonn aon nascanna teangabhunaithe, nó imeachtaí le béim ar theanga, ar siúl idir an scoil agus an comhphobal áitiúil, m.sh. ranganna do thuistí, ceolchoirmeacha srl.?

Ranganna do thuistí	
Ceolchoirmeacha	
Cuaireanna ó dhaoine ón bpobal	
Cuaireanna ó eagraíochtaí spóirt	
Eile (Ainmnigh más féidir leat)	

### Cúntóirí teanga

14. An bhfuil cúntóir(í) teanga ag obair sa scoil?

Tá	
Níl	

15. An bhfuil an/na cúntóir(í) teanga baineann nó fireann?

baineann	
fireann	

16. Cé mhéad uaireanta atá ag an/na cúntóir(í) teanga sa scoil (gach seachtain)?

17. Cé a mhaoiníonn an/na cúntóir(í) teanga?

An Comharchumann	
Eile (ainmnigh más féidir)	

18. Cén ranganna ina n-oibríonn an/na cúntóir(í) teanga?

Na ranganna go léir	
Naónáin bheaga / shinsearacha	
Rang 1 / 2	
Rang 3 / 4	
Rang 5 / 6	

19. An oibríonn an/na cúntóir(í) teanga sa rang nó i seomra eile?

Sa rang	
I seomra eile	
Meascán	

20. An oibríonn an/na cúntóir(í) teanga le grúpaí no le páistí aonair?

Le grúpaí	
Le páistí aonair	
Braitheann sé	

21. An mbíonn an cúntóir teanga ag tabhairt tacaíocht teanga don ábhar áirithe atá an múinteoir ag múineadh ag an am nó an mbíonn sé/sí ag déanamh obair eile a roghnaíonn an múinteoir chun cumas an pháiste sa Ghaeilge a ardú?

Pé ábhar atá á mhúineadh	
Ag obair ar chumas an pháiste sa Ghaeilge	
Braitheann sé	

22. An bhfuil traenáil faoi leith faigte ag an/na cúntóir(í) teanga?

Tá	
Níl	

### Córas Nua

1. An gceapann tú go bhfuil gá le córas nua tacaíochta teanga le soláthar ar riachtanais theanga atá ag scoileanna Gaeltachta?

Tá	
Níl	
Nílim cinnte	

2. An gceapann tú go bhfuil leor ama fós chun an Ghaeilge a chaomhnú mar phríomhtheanga phobail scoile nó an bhfuil an t-am imithe tharainn?

Tá am fós ann	
Nílim cinnte	
Tá sé ró-dhéanach	

3. Dá gcuirfeadh an Roinn Oideachais córas tacaíochta teanga ar fáil daoibh, cén céadán páistí sa scoil iomlán (**Is féidir leat meastúchán garbh á dhéanamh**) a bhainfeadh tairbhe as dul chuig múinteoir tacaíochta teanga dá mbeadh a leithéid ar fáil agus am le roinnt ag an múinteoir sin?

4. An gceapfá go mbeadh tuistí sásta a bpáistí a ligean chuig múinteoir tacaíochta teanga a bheadh ag obair ar a gcuid Gaeilge amháin?

Bheadh siad	
Ní bheadh siad	

5. An gceapann tú an bhfuil aon ról d'oide a thabharfadhl ceachtanna i saibhreas teanga do na páistí, fiú do na páistí le Gaeilge líofa, chun a gcumas agus foclóir a fheabhsú?

Tá ról ann	
Nílim cinnte	
Níl ról ann	

6. An mbeadh do scoil toilteanach glacadh le múinteoir sa bheis (roinnt?) chun tacaíocht teanga a sholáthar i nGaeilge?

Bheadh	
Ní bheadh	

7. An mbeadh spás/seomra sa scoil chun múinteoir eile (roinnt) a thógáil isteach?

Bheadh spás	
Bheadh spás roinnt ann	
Ní bheadh spás	

8. An mbeadh suim agat nó ag múinteoirí i do scoil i gcúrsa traenála chun cáilíocht a fháil a chabhródh leat nó leo an Ghaeilge a mhúineadh mar dhara teanga?

Bheadh suim agam/acu	
Ní bheadh suim agam/acu	

9. An raibh aon teagmháil agat leis an Roinn Oideachas roimhe seo faoi cheist na tacaíochta teanga?

Bhí teagmháil	
Ní raibh teagmháil	

10. Cén sórt córas tacaíochta teanga a roghnófa dá mbeadh ceann le cur i bhfeidhm i do scoil?

Córas atá comhtháite sa ghnáthrang, i.e. múinteoir sa bheis ag comhoibriú sa rang.	
Córas atá lasmuigh den rang, i.e. téann na páistí amach.	
Meascán den dhá chóras	

11. Cén sórt acmhainní teanga bhunaithe a bheadh ag teastáil ó mhúinteoir tacaíochta teanga? (Déan liosta más mian leat!)

---

### Tacaíocht foghlama

Bíonn cosúlachtaí idir an córas tacaíochta foghlama mar a fheidhmíonn sé i scoileanna agus an córas tacaíochta teanga Béarla atá ag dul ar aghaidh i scoileanna. Sa dá chóras tugtar tacaíocht bhreise do dhaltaí a bhfuil fadhbanna acu le gné áirithe den churaclam. Bíonn ceisteanna lóistíochúla ann freisin maidir le spás, cead ó thuistí agus comhthathú leis an oide ranga.

23. An bhfuil múinteoir tacaíochta foghlama ag an scoil?

Tá	
Níl	
Roinnte	

24. An bhfuil seomra tacaíochta foghlama sa scoil?

Tá	
Níl	

25. An mbíonn cúrsaí tacaíochta foghlama comhtháite sa ghnáthrang nó an dtagann na páistí amach go spás ar leith (nó meascán den dá chorás)?

Comhtháite sa ghnáthrang	
Tagann na páistí amach	
Meascán den dá chorás	

26. An mbíonn cead ó na tuistí riachtanach sula dtéann páistí go dtí an múinteoir tacaíochta foghlama?

Bíonn sé riachtanach	
Ní bhíonn sé riachtanach	

27. Cad iad na hábhair a thagann faoi chúram an mhúinteoir tacaíochta foghlama?

An Béarla	
An Mhatamaitic	
An Ghaeilge	

- |             |  |
|-------------|--|
| Ábhair eile |  |
|-------------|--|
28. An mbíonn tástálacha caighdéanacha Ghaeilge nó Próifilí Measúnachta le fáil nó in usáid ag an scoil?

Bíonn	
Ní bhíonn	

29. An ndéanann an múinteoir tacaíochta foghlama aon obair Ghaeilge leis na bpáistí?

Déanann	
Ní dhéanann	

30. Má dhéanann, conas a roghnaítear na páistí a thagann amach chuig an múinteoir tacaíochta foghlama le tacaíocht sa Ghaeilge a fháil?

Trí thástálacha caighdéanacha	
Bunaithe ar thuairimí na múinteoirí	
Bunaithe ar thuairimí na dtuistí	
Córas eile? (Meascán?)	

### An Ghaeilge sa rang

De réir na dtreoracha a thugtar do mhúinteoirí teanga a mhúineann Béarla do pháistí ó thíortha iasachta, is é an aidhm atá acu ná cumas na bpáistí i mBéarla a ardú **chun go mbeidh siad in ann páirt ionlán a ghlacadh sa churaclam.**

Is féidir le dalta dhá bhliain de mhúinteoireacht sa bheiris i mBéarla a fháil agus go dtí le deanaí, bhí scoil in ann múinteoir breise a fháil nuair a bhí níos mó ná ceithre pháiste dhéag le deacrachartaí teanga ag freastal ar an scoil (Tá athruithe mór ag teacht air sin anois leis an gcúlú eacnamaíochta). Leis an elolas seo i do shealbh, cad iad do thuairimí faoi na ceisteanna seo a leanas?

31. Cé mhéad dalta atá i do rang?

32. Cé mhéad / céan céatadán de na daltaí atá agat sa rang **nach bhfuil líofacht sa Ghaeilge nó caighdéan ard sa Ghaeilge acu?**

33. An ndéarfá go bhfuil an caighdéan Gaeilge labhartha, m.sh. an saibhreas teanga, a bhíonn ag na daltaí a thagann chugaibh le Gaeilge ón mbaile ag ísliú le roinnt blianta anuas?

Ag ísliú	
Gan aon athrú	
Ag ardú	

34. An gceapann tú go bhfuil **gach** páiste i do rang in ann **an curaclam iomlán** a rochtain trí Ghaeilge? (**Ar chomhchéim leis na daltaí eile**)

Tá siad	
Níl siad	

35. An mbíonn tionchar ag daltaí gan Ghaeilge ar úsáid na Gaeilge mar mhéan teagaisc i do rang?

Ní bhíonn	
Bíonn ó am go ham	
Bíonn i gconaí	

Conas? (Scríobh tuairim más mian leat.)

---

---

---

36. An dtugann tú faoi deara go mbíonn fadhbanna litearthachta, m.sh. tuiscint ar an léitheoireacht, ó thaobh na Gaeilge de, ag daltaí fiú nuair atá caighdéan maith labhartha foghlamtha acu? (**Fadhb a bhíonn go minic ag daltaí atá ag foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga**)

Bíonn	
Ní bhíonn	

Níl sé soiléir	
----------------	--

Tuairími (más mian leat.)

---



---



---

37. An mbíonn ort am faoi leith a chaitheamh chun míniú a dhéanamh do phaistí gan chaighdeán sasúil sa teanga ar ábhar a múineadh trí Ghaeilge?

Bíonn orm	
Ní bhíonn orm	
Braitheann sé ar an abhar	

38. Cé mhéad/ cén ceataidán páistí sa rang a chuirféo chuig múinteoir tacaíochta teanga dá mbeadh a leithéid ar fáil agus am le roinnt ag an múinteoir sin? (Is féidir leat meastúchán a dhéanamh)

--

39. An múintear gach ábhar trí Ghaeilge i do rang?

Múintear	
Ní mhúintear	

40. Cén ábhar/ábhair, i do thuairiim féin, is mó a chruthaíonn fadhbanna ó thaobh teagasc trí Ghaeilge?

Béarla	
Matamaitic	
Tíreolaíocht	
Stair	
Eolaíocht	
O.S.P.S.	
Creideamh	
Na healaín	
Corpoideachas	
Eile (Aimnigh)	

41. Cén fáth a roghnófá an t-ábhar/na hábhair sin?

---

---

---

---

42. An bhfuil leabhair agus leabhair shaothair srl. nua-aimseartha le fáil i nGaeilge do gach ábhar?

Tá	
Níl	

43. An bhfuil tú sásta leis an sraith leabhar “Séidean Sí” atá in úsáidanois?

Táim	
Cuibheasach sásta	
Nílim	

44. An gceapann tú go bhfuil dóthain acmhainní m.sh. cluichí, póistaeir, ábhar eolaíochta srl. le fáil i nGaeilge chun tacaíocht chuí a thabhairt don oide i scoileanna Gaeltachta?

Tá	
Níl	

Tuairími (más mian leat.)

---

---

---

45. An gceapann tú go mbíonn níos mó oibre le déanamh ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta chun na hábhair a mhúineadh go caighdéan ard toisc easpa acmhainní i nGaeilge? (m.sh. do hacmhainní féin a chruthú?)

Bíonn	
Ní bhíonn	

Tuairími (más mian leat.)

---

---

---

46. An bhfuil córas faoi leith ar siúl i do rang chun úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn, m.sh. duaiseanna srl?

Tá	
Níl	

Ainmnigh an córas seo (más mian leat) : \_\_\_\_\_

---

47. An mbeadh suim agat i bpost mar mhúinteoir tacaíochta teanga?

Bheadh	
Ní bheadh	

# Aguisín 2: Ceisteanna agallaimh

Seo iad na ceisteanna a scríobhadh amach roimh thús na n-agallamh. Mar a luaigh mé níos luaithe, thosnaigh mé leis na ceisteanna seo ach lean na hagallaimh bealaí nádúrtha. Mar sin níor iarradh gach ceist anseo ar gach duine.

1. Go ginearálta cad iad na príomhdhúshláin a bhíonn agaibh sa scoil seo? (ag baint le teanga?)
2. An bhfuil aon tuairimí faoi leith agat/agaibh maidir le córas tacaíochta teanga a bhunú chun soláthar ar na riachtanais atá ag daltaí bunscoile?
3. An gceapann tú go mbíonn ualach ró-throm ar scoileanna ó thaobh obair chaomhnú teanga sna Gaeltachtaí?
4. An gceapann tú go bhfuil an Roinn Oideachais ag tacú leis na scoileanna Gaeltachta i gceart?
5. An bhfuil aon tuairimí agat faoi cad ba chóir a dhéanamh chun an Ghaeilge a bhuanú agus a neartú mar phríomhtheanga chumarsáide i scoileanna Gaeltachta?
6. An mbíonn na tuistí ón scoil seo, atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge, sásta go bhfuil an córas oideachais ag soláthar ar a riachtanais?
7. An bhfuil tuistí na bpáistí gan Ghaeilge sásta go bhfuil riachtanais a bpáistí á shásamh trí Ghaeilge?
8. An mbíonn tuairimí dearfacha ag na páistí ó thaobh na teanga de? An cuma leo?
9. An bhfuil tú sásta leis an saibhreas teanga i nGaeilge atá ag na daltaí, go háirithe nuair a shroicheann said na hardranganna?

10. An mbíonn tionchar ag na ndaltaí gan Ghaeilge ar úsáid na Gaeilge i measc na bpáistí le Gaeilge?

## Aguisín 3: Ciorclán 0015/2009



**DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE SCHOOLS DIVISION**  
**Circular**  
**0015/200**  
**9**

**To: The Managerial Authorities of Primary, Secondary, Community and Comprehensive Schools and to the Vocational Education Committees**

**Meeting the needs of pupils learning English as an Additional Language (EAL)**

**1. Introduction**

Arising from the decisions made in Budget 2009 new arrangements are being put in place for the allocation of EAL support posts to schools. These new arrangements replace the current allocation arrangements that are set out in Circular 53/07 which is hereby rescinded.

The resources allocated to schools to meet the needs of pupils learning English as an Additional Language (EAL) are additional to the other supports and funding provided for schools. All pupils including migrant pupils (irrespective of their English language proficiency) are counted for the regular pupil teacher ratios in schools.

The budget measures will mean that the level of EAL support will generally be reduced to a maximum of two teachers per school, as was the case before 2007. However, there will be some alleviation for the position of those

schools where there is a significant concentration of pupils learning English as an additional language as a proportion of the overall enrolment.

The new arrangements are outlined in Section 6.

## **2. Creating an inclusive school environment**

An inclusive school environment reflects values and affirms linguistic, ethnic and cultural diversity. It is important that schools have policies and procedures in place that promote and facilitate the inclusion of all children. The school's commitment to creating an inclusive school environment should be evident in the school plan, the promotion of parental involvement, the provision of equality of curriculum access, the facilitation of professional development opportunities and in whole-school and classroom practice. Pupils should also be encouraged and facilitated to maintain a connection with their own culture and language through curricular activities and displays.

## **3. The role of the EAL support teacher**

EAL support teachers are appointed to assist schools in providing **additional** EAL support teaching for pupils. The EAL pupil remains the responsibility of the mainstream class teacher at primary level and the subject specialist teachers at post primary level who will work closely with the EAL support teachers. In collaboration with parents and mainstream class teachers, EAL support teachers identify pupils requiring additional language support, assess pupils' proficiency in English using the assessment materials, devise appropriate language programmes, deliver the programmes and record and monitor pupils' progress.

They share their expertise with mainstream class teachers and assist in developing and disseminating good practice to support the development of students' English language proficiency.

## **4. Deployment of EAL support teachers within schools**

It is a matter for the school authority to deploy this teacher allocation having regard to the proficiency levels of individual pupils involved and in line with their evolving needs.

The allocation of EAL support teachers is based on allowing schools flexibility in the deployment of support. It is recommended that pupils receive additional EAL support teaching in the classroom or in timetabled EAL lessons for small groups in addition to the support they receive from the class teachers.

Clear and effective arrangements for the identification of pupils requiring support, the assessment of pupils' levels of language proficiency, programme planning, the recording and monitoring of pupils' progress and communication with parents are key features of effective EAL support provision. All of these features should be delineated in the school's policy on EAL support. While duties and responsibilities vary in every school context, it is important that the roles of all school personnel in relation to meeting the needs of pupils learning English as a second language are clearly defined and understood by all. School policy and practice should promote the sharing of expertise and good practice, and encourages communication amongst staff in order to optimise the opportunities pupils have for developing their proficiency in English.

## **5. Primary and Post-Primary Assessment Kit**

The Primary and Post-Primary Assessment Kits are a useful tool for schools to determine the initial language proficiency of each pupil and to evaluate how well pupils are progressing with their language skills in English. The tests will help to establish a pupil's level of English on arrival in school, monitor progress over time in language support and identify the point at which a pupil no longer requires additional language support. Primary and Post- Primary EAL teachers are receiving training in the use of these kits during the current academic year, 08/09.

At this stage, it is not proposed to oblige schools to base all their applications for EAL support on the assessments carried out using the language assessment kit. However, schools will be asked to use the assessment kit if they are seeking EAL support for pupils for an additional year beyond the 2 year period.

The table below outlines the levels of proficiency that were used when assessing pupils' language ability prior to the publication of the Primary/Post- Primary Assessment kits. The table also includes the nearest equivalent levels for those schools using the Primary/Post-Primary Assessment Kits.

**N.B.** Pupils with very little English may be initially assessed as at Level 0 (see Primary Assessment Kit, p.16 and Post-Primary Assessment Kit, p.12). Level A1 in the Assessment Kit should be their first learning target.

<b>Proficiency levels used prior to publication of Primary and Post-Primary Assessment Kits</b>			
<b>Nearest equivalent levels using Primary and Post-Primary Assessment Kits</b>			
<b>Level 0</b>	<b>Level A1</b>	<b>Level A2</b>	<b>Level B1</b>
Absence of any English language proficiency	Can understand and use basic words and phrases in a social and school context	Can understand, read and write simple English and can speak English sufficiently well to exchange information	Can function well enough in English to be fully integrated into the mainstream classroom

The English Language Proficiency Levels specify what pupils should be able to achieve in English at each level and thus reflect the task-based approach to teaching and learning. Tasks have been selected to reflect what pupils encounter daily in the classroom. Scoring procedures have been designed to achieve accurate results, provided the tests are administered strictly according to the instructions provided.

EAL support resources are made available for schools catering for pupils with significant English language deficits assessed as having a language proficiency of either Level 1(0 or A1) or Level 2 (A2) based on the allocation thresholds outlined below.

All documentation in relation to the administration of tests must be retained by the school for audit/inspection purposes.

## **6. Allocation of resources for EAL support:**

### **6.1. Schools with fewer than 14 pupils requiring EAL support**

Grant aid is allocated at primary level to facilitate the Board of Management in funding the provision of part-time EAL support whilst at post primary level EAL support is allocated on the basis of part-time teaching hours.

### **6.2. New arrangements for allocation of full-time EAL support posts**

(See Appendix for outline of examples of support)

The table below sets out the full-time resources that can be accessed to provide EAL support for pupils in the first two years:

No. of posts	No. of pupils that require EAL support
1 post	14 to 30 pupils
2 posts	31 to 90 pupils

### **6.3. Alleviation measures for schools with substantial number of pupils requiring EAL support**

This will involve up to 2 additional EAL support posts being allocated on the following basis:

No. of posts	No. of pupils that require EAL support
3 posts	91 to 120 pupils
4 posts	121 and over

**Pupils for the 3<sup>rd</sup> and subsequent EAL support posts to be counted on the following basis:**

- one for one basis where pupil has less than 1 year of EAL support
- two for one basis if a pupil has between 1 and 2 years EAL support (i.e., a weighting system will be applied so that every 2 of these pupils that have already had EAL support for between 1 and 2 years will be counted as 1 pupil for the purposes of meeting the allocation thresholds for EAL support posts).

### **Potential additional posts by appeal**

- Primary schools where at least 25% of their total enrolment is made up of pupils that require EAL support (pupils with less than B1 (Level 3) proficiency) can lodge an appeal to the Primary Staffing Appeals Board for a review of their proposed allocation for 2009/10 under the above rules. The following amendment will be made to the existing criteria for making appeals to the Staffing Appeals Board –
  - Where the Appeal Board is satisfied that having considered the circumstances outlined by the school and having regard to the high number of pupils requiring EAL support additional post(s) may be approved to support the educational needs of such pupils
- Post-Primary or VEC schools where a significant number of the total enrolment is made up of EAL pupils with less than B1 (Level 3) proficiency can lodge an appeal for a review of their proposed allocation.
- Post-Primary or VEC schools where a significant number of EAL pupils with less than B1 (Level 3) proficiency are in third year or in the senior cycle can lodge an appeal for a review of their proposed allocation.

Post-Primary and VEC schools can lodge an appeal to the Independent Appeals Board at Post-Primary level.

## **7. Important points to note when counting pupil numbers**

- In determining all allocations for EAL support those pupils that have had the least amount of EAL support must be counted first.
- Schools must use 1 September 2009 as the reference date for determining how many years EAL support has already been given to pupils.
- Schools must take into account any EAL support provided to pupils in previous school(s) attended
- Pupils for 3<sup>rd</sup> and subsequent EAL support posts are counted on a one for one basis if they have had less than 1 year of EAL support and a two for one basis if they have between 1 and 2 years EAL support.

- If the Department is satisfied that EAL support is required for an additional year beyond the 2 year period (see 8 below) then such pupils will be counted on a three for one basis for the purposes of meeting the allocation thresholds for all part-time and full-time EAL support posts.
- Allocations of EAL support posts will be given on a provisional basis pending confirmation of actual enrolment on 30 September. In exceptional circumstances, if a significant number of students requiring EAL support are enrolled after 30 September, then the school may apply for additional resources.

## **8. Applications for EAL support for pupils beyond the 2 year period**

All applications for EAL support for pupils for an additional year beyond the 2 year period will be dealt with on the following basis:

- The application in respect of such pupils must include details of how the school has addressed the language needs of these pupils in the previous 2 years.
- The application in respect of such pupils must outline how it is proposed to optimise the opportunities of the pupils for whom an additional year is being sought.
- Each pupil for whom EAL support is sought beyond the 2 year period must have an assessment carried out using the Primary or Post Primary Assessment Kit. The assessment must have been carried out within 3 months of the date of submission of the application for EAL support to the Department and must show that the pupil has not attained Level B1 proficiency. The actual assessments do not need to be submitted to the Department but retained in the school and kept available for inspection.
- If the Department is satisfied that EAL support is required for an additional year beyond the 2 year period then such pupils will be counted on a **3 for 1** basis for the purposes of meeting allocation thresholds for all part-time and full-time EAL support posts (i.e., a weighting system will be applied so that every 3 of these pupils that have already had EAL support for 2 years or more will only count as 1 pupil for the purposes of meeting the allocation thresholds for all part-time and full-time EAL support posts).

## **9. General**

There is an option of additional language support through Irish for pupils in schools that provide instruction through the medium of Irish provided those pupils first language is neither English nor Irish. This option is only available

for pupils who otherwise qualify under the terms of this circular and will not be provided for pupils whose first language is English.

## **10. Application forms**

The same form should be used at primary level to apply for grant aid and for EAL support posts.

Please click here [EALP1.doc](#) to download Primary Application Form EAL/P1 and here [Form NN09.10.doc](#) for Post Primary Application form NN 09/10.

Please note that queries regarding the Circular may be E-Mailed to

Primary Schools - <mailto:PrimaryAllocations@education.gov.ie> and

Post-primary Schools – <mailto:Allocations@education.gov.ie>

Hubert Loftus  
Principal Officer  
Primary Teacher Allocations  
Teacher Allocations

Anne Killian  
Principal Officer  
Post Primary

March, 2009